Coimisiún na Meán

# Oifigeach Feidhmiúcháin (Grád OF)
# Maoirseacht agus Imscrúduithe Ardáin
# Pacáiste Eolais d'Iarratasóirí




Meitheamh 2025

A Iarratasóir, a chara

Go raibh maith agat as do spéis i ról an Oifigigh Feidhmiúcháin, Maoirseacht & Imscrúduithe Ardáin.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid orainn ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhásamar ó 40 duine go 200 inár gcéad dhá bhliain. Táimid ag súil anois le fás go dtí os cionn 300. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: na hearnálacha ar líne agus na meáin, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an lucht acadúil agus an ghairm dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a chuirimid ar fáil le haghaidh fáis ghairmiúil. Táimid tiomanta do lucht saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí a bhfreastalaímid uirthi.

Tá áthas orainn Oifigigh Feidhmiúcháin a earcú. Cuideoidh an ról seo le cur i gcrích na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Cuideoidh sé lenár spriocanna a chinntiú go mbeidh an tírdhreach meán :

- ag cothú cearta, folláine agus forbairt leanaí
- ag tacú le daonlathas agus luachanna daonlathacha
- ceann ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as ionas go mbeidh siad cosanta ó shaothrú agus calaois
- ag léiriú agus ag múnlú chultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí
- ag cuir luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus na cuimsitheachta chun cinn
- ag neartú sláinte agus sábháilteacht an phobail

Má chreideann tú go n-oireann an deis seo do do scileanna agus go dtugann sí deis duit fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait.

**Le gach dea-mhéin**
**Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



Clé go Deas : Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

# Ár bhFís agus Ár Misean


Is é ár bhfís tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a bheith againn.

Rialaimid, tacaímid le agus forbraímid tírdhreach meán a chuireann taca faoi chearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus ilchineálach

## Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha




## Ár Luachanna




Chun ár Ráiteas Straitéiseach iomlán a fheiceáil, féach **anseo**

Coimisiún na Meán

# Maidir leis an Ról seo

Tugann an post seo deis spreagúil do dhuine uaillmhianach, díograiseach agus tiomanta a bhfuil dúthracht láidir aige/aici chun freastal ar leas an phobail agus tuiscint mhaith ar nósanna imeachta riaracháin chun tacú leis an gCoimisiún agus é/í ag rialáil ardáin ar líne. Mar Oifigeach Feidhmiúcháin ('OF') laistigh den Rannán Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin, beidh tú ag cur le seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar don phobal agus do chomhghleacaithe san eagraíocht. Mar chuid den fhoireann, beidh tú freagrach as tacú le bainisteoirí na Rannáin chun cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin a bhaint amach. Éileoidh sé seo idirghníomhaíocht le geallsealbhóirí, inmheánacha agus seachtracha araon, athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus a chinntiú go ndéantar tascanna a phróiseáil go héifeachtúil.

## Maidir leis an Rannán Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin

Is é príomhfheidhm na Roinne Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin ná maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha in Éirinn agus an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha ("ASD"), Rialáil Ábhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne agus an Cód Sábháilteachta Ar Líne a fhorfheidhmiú. Tá ceithre fhoireann Mhaoirseachta, foireann Imscrúduithe agus foireann Oibríochtaí Rialála inti a chuidíonn le straitéis rialála a chinneadh. Tá an fhoireann Ghearáin Úsáideoirí suite sa Roinn seo freisin agus tá sí freagrach as gearáin a fháil i gcoinne soláthraithe seirbhíse as sáruithe líomhnaithe ar an ASD. Is é misean na Roinne Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin ná tuiscint a fháil ar sheirbhísí agus ar oibríochtaí na n-eagraíochtaí a rialaíonn Coimisiún na Meán ("An Coimisiún"). Áirítear leis seo monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí rialála, saincheisteanna a réiteach go deonach nuair is iomchuí, gearáin úsáideoirí a láimhseáil agus gníomh foirmiúil comhlíontachta a dhéanamh nuair is gá.

# Príomhfhreagrachtaí

Is róil thacaíochta ríthábhachtacha iad róil an OF laistigh den Rannán Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin a chuimsíonn freagrachtaí oibríochtúla, bainistíochta tionscadail agus riaracháin. Beidh an t-iarrthóir rathúil freagrach as ualach oibre dian a bhainistiú i gcomhréir leis na próisis chomhaontaithe. Baineann sé seo le tacú le struchtúr na foirne, straitéis eagraíochtúil a chur i bhfeidhm agus aiseolas a thabhairt don bhainistíocht maidir le dul chun cinn. Cinnteoidh an OF cáilíocht agus aschur comhsheasmhach a gcuid oibre agus cuspóirí comhaontaithe á gcomhlíonadh laistigh de na hamlínte ama comhaontaithe. Áireofar ar fhreagrachtaí an OF :

- Cúnamh a thabhairt le cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí oibre oibríochtúla agus tacú le bainisteoirí líne agus le comhghleacaithe de réir mar is gá;
- Measúnú agus próiseáil faisnéise i gcomhréir le nósanna imeachta comhaontaithe, agus i gcomhréir leis an reachtaíocht rialaithe, na Cóid agus na Treoirlínte



Coimisiún na Meán

# Príomhfhreagrachtaí (Ar Lean.)

- Ualach oibre a phróiseáil go tráthúil agus go héifeachtúil i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha atá i bhfeidhm;
- Pleanáil rannpháirtíochta le geallsealbhóirí lena n-áirítear sceidealú cruinnithe agus miontuairiscí a ghlacadh;
- Comhfhreagras chuig geallsealbhóirí a dhréachtú;
- Sonraí agus faisnéis a anailísiú agus a scrúdú de réir mar is gá;
- Rannchuidiú le hobair thionscadail agus í a chur i gcrích de réir mar is gá;
- Cur i láthair do gheallsealbhóirí inmheánacha ar bhealach soiléir, gonta agus cuimsitheach;
- Úinéireacht a ghlacadh ar thascanna sannta agus tosaíocht a thabhairt do thascanna iomaíocha chun a chinntiú go gcríochnófar iad in am agus de réir ardchaighdeáin;
- An anailís sonraí atá ar fáil a úsáid, lena n-áirítear Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTF), chun dul chun cinn an ualaigh oibre a thomhas go rialta;
- Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí, beartas agus nósanna imeachta;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha de réir mar is gá.

**Is treoir í an méid thuas maidir leis an raon ginearálta dualgas agus níl sé beartaithe go mbeadh sé críochnúil ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.**

# Fút Féin

## Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

### Critéir Riachtanacha

- - Ba chóir d'iarrthóirí ceann amháin de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh :
**(a)** 2 bhliain ar a laghad de thaithí inléirithe i bhforbairt agus i dtacaíocht do phróisis agus do shreabhadh oibre éifeachtacha, nó i ról comhchosúil laistigh den Earnáil Phoiblí; **NÓ**
**(b)** Cáilíocht aitheanta ag Leibhéal 6 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (nó a chomhionann), mar aon le bliain amháin ar a laghad de thaithí i ról gaolmhar.
- Scileanna eagrúcháin láidre le haird láidir ar mhionsonraí agus an cumas tosaíocht a thabhairt go héifeachtach agus ualach oibre suntasach á bhainistiú;
- Scileanna idirphearsanta dea-fhorbartha leis an gcumas caidrimh a thógáil le go leor geallsealbhóirí éagsúla agus oibriú go héifeachtach laistigh d'fhoireann;
- Scileanna cumarsáide den scoth i scríbhinn agus ó bhéal;
- Fianaise ar chumas anailís a dhéanamh, smaoineamh go criticiúil, agus dea-bhreithiúnas a chur i bhfeidhm;
- Tuiscint ar, agus spéis i, tírdhreach rialála agus digiteach na hÉireann;
- Treallús agus tiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar, do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha;
- Scileanna láidre Microsoft Office (Word, Excel agus PowerPoint, Dynamics 365);
- Duine féinspreagtha agus dinimiciúil atá in ann oibriú ina aonar agus mar chuid d'fhoireann.

**Scileanna inmhianaithe**
- Taithí ar bheartais a chur i bhfeidhm i gcásanna fíorshaoil, m.sh. Modhnóireacht Ábhair, Oibríochtaí Muiníne agus Sábháilteachta.
- Taithí ar láimhseáil gearán nó ar imscrúdú gearán;
- Taithí roimhe seo i ról rialála;
- Eolas nó taithí ar obair le hardáin ar líne;
- Taithí ar oibriú agus ar rathú in eagraíocht atá ag athrú i gcónaí;
- Inniúlacht in úsáid na Gaeilge a léiriú;

# Faisnéis Thábhachtach

## Sochair, Pacáiste & Pá

- Tá an post seo á thairiscint ar bhonn buan.
- Lánaimseartha, 35 uair an chloig sa tseachtain
- Saoire Bhliantúil: 23 lá in aghaidh na bliana
- Beidh an ról ina ról hibrideach ina mbeidh obair ón mbaile agus san oifig ag teastáil. Is é an polasaí hibrideach atá againn faoi láthair ná dhá lá san oifig.
- Tá ár n-oifig suite ag One Shelbourne Buildings, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Chun liosta iomlán de na buntáistí a fheiceáil, féach ar ár suíomh gréasáin anseo
- Tá an post seo grádaithe ag an scála Oifigeach Feidhmiúcháin.
- Ceapfar iarrthóirí rathúla ar an gcéad phointe den scála.

# Próiseas Iarratais

Más spéis leat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir isteach an méid seo a leanas le do thoil :

- CV (uasmhéid 2 leathanach) agus litir chumhdaigh/ráiteas pearsanta (uasmhéid 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, do thaithí agus do luachanna riachtanais an phoist **tríd an nasc seo**
- Tá ceapachán don ról seo faoi réir incháilitheachta an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post go mbeidh cónaí ar iarrthóirí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Dícháileofar iarrthóirí atá páirteach i gcanbhasáil agus eiseofar ón bpróiseas iad

# Inniúlachtaí

Féach na hinniúlachtaí thíos a ndéanfar measúnú orthu ag céim an agallaimh don chomórtas seo.

- Bainistíocht Daoine
- Anailís agus Cinnteoireacht
- Seachadadh Torthaí
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt
- Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

# Próiseas Roghnúcháin

**Áireofar sa phróiseas roghnúcháin :**

Gearrliostú d'iarrthóirí bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ina n-iarratas, agus déanfar measúnú uirthi i gcoinne na gcritéar sonraithe don ról. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí atá ar an ngearrliosta chuig agallamh inniúlachta a reáchtálfar go pearsanta inár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

## Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta a phlé agus a iarraidh faoi rún, déan teagmháil le amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí ó chúlraí éagsúla agus táimid tiomanta do lucht saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire nua-aimseartha. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach a bheith ina bhfíorfhéin ag an obair.

**Dáta Deiridh: 3in, Déardaoin an 3ú Iúil**

